An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

**Preaseisiúint**

**Osclaíonn CNCM an comhairliúchán bunscoile is suntasaí le 25 bliain anuas**

**6 Márta 2024**

Inniu osclaíonn an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) an comhairliúchán poiblí ar athfhorbairt Churaclam na Bunscoile. Tá an chéim thábhachtach seo ar an athfhorbairt is suntasaí ar an gcuraclam le 25 bliain anuas. Tá go leor athraithe inár saol ó tugadh isteach an curaclam bunscoile reatha in 1999. Is iad na páistí atá inár seomraí ranga bunscoile daoine fásta an lae amárach, agus de réir mar a fhéachaimid chun cinn ar an domhan ina mbeidh siad beo ann agus ag obair ann, tá sé tábhachtach go dtabharfaidh a dtaithí ar scoil bunús láidir dóibh le go n-éireoidh leo agus le go mbeidh siad rathúil agus barr a gcumais a bhaint amach.

Ag labhairt di faoi thábhacht an chomhairliúcháin, dúirt an tAire Oideachais, Norma Foley TD, "Molaim do gach oideachasóir, tuismitheoir agus páirtí leasmhar páirt a ghlacadh sa chomhairliúchán seo ar an gcéim is déanaí d'athrú churaclaim na bunscoile. Le chéile, is féidir linn curaclam a chruthú a chuireann ar chumas ár bpáistí bláthú le go mbeidh rath orthu inár saol nua-aimseartha atá ag athrú."

Tugann an comhairliúchán seo deis do bhaill an phobail a dtuairimí a chur in iúl maidir le todhchaí an bhunoideachais trína dtuairimí a roinnt ar na dréachtshonraíochtaí curaclaim maidir le:

- Oideachas Ealaíon (Ealaín, Drámaíocht agus Ceol)
- Nuatheangacha Iasachta i gCuraclam Teanga na Bunscoile
- Oideachas Sóisialta agus Imshaoil (Stair agus Tíreolaíocht)
- Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Innealtóireacht
- Folláine (Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus Corpoideachas).

Thacaigh próiseas forbartha fairsing le dréachtú na sonraíochtaí seo a chuimsigh comhoibriú le Grúpaí Forbartha, tarraingt ar bhonn láidir taighde, éisteacht le guthanna na bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear páistí, múinteoirí agus ceannairí scoile, agus comhoibriú le painéal comhairleach.

I *gCreatchuraclam na Bunscoile* do gach bunscoil agus scoil speisialta, a seoladh bliain ó shin, leagtar amach fís, prionsabail, príomhinniúlachtaí, agus struchtúr an churaclaim. Ag teacht amach ón gcreat, leagadh amach roinnt tograí nua sna dréachtcháipéisí curaclaim, a foilsíodh inniu, cuid acu seo a leanas:

- Béim mhéadaithe a chur ar roinnt réimsí den churaclam reatha amhail Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte laistigh den Fholláine, den fhoghlaim dhigiteach agus den inbhuanaitheacht.
- Gnéithe nua den fhoghlaim ar nós Nuatheangacha Iasachta (do pháistí i Rang a Trí go Rang a Sé), Innealtóireacht, agus Oideachas Ealaíon níos leithne a thabhairt isteach, lena n-áirítear rince agus na healaíona meán.
- Naisc leis an bhfoghlaim a chuirtear ar fáil trí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* a neartú agus naisc leis an bhfoghlaim sa *Chreat don tSraith Shóisearach*.
- Fócas athnuaite a chur ar 'conas' a fhoghlaimíonn páistí, lena n-áirítear súgradh, fiosrúchán, foghlaim chomhtháite, foghlaim bunaithe ar thionscadail agus cuir chuige foghlama digití, agus smaointeoireacht chriticiúil agus réiteach fadhbanna a chur chun cinn.
- Torthaí leathana foghlama a chur i láthair a sholáthraíonn solúbthacht chun freagairt do thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus cur chuige comhtháite i leith foghlama agus teagaisc a chur chun cinn chun eispéireas saoil na bpáistí a léiriú i ndomhan idirnasctha agus idirspleách.

Cuideoidh torthaí an chomhairliúcháin thábhachtaigh seo le leis na sonraíochtaí curaclaim a thabhairt chun críche. Cuirfidh na sonraíochtaí seo cruth ar fhoghlaim na bpáistí as seo go ceann deich mbliana agus ina dhiaidh sin.

Agus í ag cur fáilte roimh oscailt an chomhairliúcháin, dúirt Arlene Forster, Príomhfheidhmeannach CNCM:
"Céim thábhachtach eile in athfhorbairt churaclam na bunscoile is ea an comhairliúchán a bhfuil tús á chur leis inniu. Molaim do gach duine an deis seo a thapú agus páirt a ghlacadh chun a chinntiú go leanfaidh an curaclam ar aghaidh lena ról ag tacú le teagasc agus le foghlaim d'ardchaighdeán do gach páiste inár mbunscoileanna agus inár scoileanna speisialta sna blianta amach romhainn."

Beidh an comhairliúchán ar siúl ón 6 Márta a fhad leis an 7 Meitheamh 2024 agus áirítear leis imeachtaí fócasghrúpa, ceistneoirí, aighneachtaí scríofa, obair le líonraí scoileanna, seimineár comhairliúcháin agus cruinnithe déthaobhacha le páirtithe leasmhara.

Gné thábhachtach eile den chomhairliúchán is ea guth na bpáistí a ghabháil agus beidh obair le scoileanna i gceist le cloisteáil ó pháistí iad féin.

Seo a leanas bealaí inar féidir le baill den phobal a bheith páirteach ann:

- **Imeachtaí Fócasghrúpa:** Reáchtálfar fócasghrúpaí ar líne agus ar an láthair ó Mhárta go Bealtaine 2024 do mhúinteoirí, do cheannairí scoile agus do thuismitheoirí.
- **Ceistneoirí**: Tá dhá cheistneoir ar líne ann – ceann do ghairmithe oideachais agus ceann do thuismitheoirí. Níor cheart go dtógfadh sé níos mó ná deich nóiméad lena chur i gcrích.
- **Aighneachtaí scríofa:** Iarrtar ar dhaoine aonair, ghrúpaí agus eagraíochtaí aiseolas ginearálta scríofa agus / nó aiseolas níos sonraí a chur isteach ar cheann amháin nó níos mó de na dréachtsonraíochtaí curaclaim.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag an leathanach gréasáin Comhairliúcháin tiomnaithe https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairti/curaclam-na-bunscoile-a-athbhreithniu-agus-a-athfhorbairt/comhairliuchan-2024/

Déanann CNCM iarracht gach guth a chloisteáil agus fáiltíonn sí roimh gach aiseolas ar na dréachtsonraíochtaí curaclaim.

<CRÍOCH>

**Nóta d'Eagarthóirí:**

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an gcomhairliúchán nó chun teacht ar na dréachtsonraíochtaí, tabhair cuairt ar https://ncca.ie/ga/bunscoil/bunfhorbairti/curaclam-na-bunscoile-a-athbhreithniu-agus-a-athfhorbairt/comhairliuchan-2024/

**Na meáin shóisialta:**

Twitter/ X: @nccaie

Facebook: @nccaireland

Instagram: ncca_irl

LinkedIn: NCCAie

**Teagmhálacha:**

An Dr Patrick Sullivan, Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, CNCM, patrick.sullivan@ncca.ie

**Faisnéis chúlra:**

Is comhlacht reachtúil de chuid na Roinne Oideachais í an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM). Ceapann an tAire sé chomhalta is fiche ar an gComhairle ar feadh tréimhse ceithre bliana. Déanann na comhaltaí ionadaíocht ar na comhpháirtithe oideachais, tionscail agus ceardchumainn, ar eagraíochtaí na dtuismitheoirí agus ar leasanna oideachais eile. Bíonn ainmní amháin de chuid an Aire Oideachais agus ainmní amháin de chuid an Aire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ar an gComhairle freisin. Ceapann an tAire Oideachais an Cathaoirleach. Tacaíonn trí bhord agus roinnt meithleacha forbartha le hobair na Comhairle. Déanann na comhaltaí ar na boird agus meithleacha sin ionadaíocht ar pháirtithe leasmhara atá cosúil leis an gComhairle. Bíonn an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin i bhfeighil ar obair na Comhairle ó lá go lá, le tacaíocht ó fhoireann feidhmiúcháin lánaimseartha.

**Foilseacháin agus Tuarascálacha**

Creatchuraclam na Bunscoile (An Roinn Oideachais, 2023)